

**Rang 3 & Rang 4**
**Tíreolas**

# Oileáin na hÉireann

**Le linn Home School Hub, d'fhéachamar ar na tírdhreacha éagsúla atá sna háiteacha iontacha ar fud na cruinne. Anois tá sé thar am dúinn bád a fháil agus cuairt a thabhairt ar oileáin na tíre seo.**

Tá go leor leor oileán beaga feadh chósta na hÉireann, agus formhór díobh, níl aon duine ina chónaí ann. Tá daoine ag cur futhu ar tuairim is 30 cinn de na hoileáin. Pobail bhríomhara iad pobail na n-oileán agus bíonn seirbhísí farantóireachta á dtabhairt sall agus anall ón mórthír.



Is féidir carr cábla a fháil chuig oileán amach ó chósta Chorcaí, fiú! Nach iontach an rud é. Tá valbaithe ar oileán eile. I ndáiríre! Tá siad cosúil le cangarúnna beaga. Ar ndóigh, is oileán í Éire chomh maith, agus tá uisce thart timpeall uirthi. Seo an chuma atá ar an tír ón spás.



# Tráth na gCeist


**Cuirimis scrúdú ar an méid atá ar eolas agat faoi oileáin na hÉireann sna ceisteanna seo.**

**01** Cén t-oileán a raibh cónaí ar mhanaigh ann idir an 6ú agus an 8ú haois, ar úsáideadh i scannán Star Wars, agus a mbíonn na mílte puifín ann le linn an tsamhraidh?



A) Sceilg Mhichíl B) Tatooine C) Star Wars Island

**02** Céard atá ar fáil ar Oileán Baoi, amach ó chósta Chorcaí, nach bhfuil ar fáil aon áit eile in Éirinn?



A) Spáslong B) Carbhán Eitilte C) Carr Cábla

# Tráth na gCeist

**03** Cén t-oileán a bhfuil valbaithe le fáil ann?



A) Reachrainn B) Seachrán C) Léim an Oileáin

**04** Cad é an t-oileán is mó in Éirinn?



A) An Inis B) Árainn Mhór C) Acaill

# Tráth na gCeist

**05** Dún ársa den scoth é Dún Aonghasa atá suite ar bharr aille atá 100 méadar ar airde. Tá an dún os cionn 3000 míle bliain d'aois. Is féidir é a fheiceáil ar bharr na haille sa phictiúr thíos. Cén t-oileán ina bhfuil sé?



**06** Cén t-oileán é an pointe is faide ó dheas in Éirinn? Bíonn sé mar chuid de rás cáiliúl luamhaireachta atá os cionn 1000km ar fad.



# Tráth na gCeist

**07** Cé mhéid oileán a deirtear a bhfuil i gCuan Mó i gContae Mhaigh Eo?



A) 1 B) 365 C) 4,0000

# Jócanna

**Where do Irish scientists like to go on holiday?**
Inishbofin! Boffin...geddit!



**What kind of an island is this?**
A dessert island!

**What did Cinderella wear when she swam in the ocean?**
Glass flippers!



**What do sea monsters eat?**
Fish and ships!

**Why did the lobster blush?**
Because the sea weed!

**Freagraí: Tráth na gCeist: 1)** Sceilg Mhichíl, amach ó chósta Chiarraí. **2)** Carr cábla! D'oscail an chéad cheann sa bhliain 1969. **3)** Reachrainn amach ó chósta Bhaile Átha Cliath. Creidtear go bhfuil os cionn 100 valbaí ina gcónaí ann. Tugadh isteach iad sna 1950idí. De réir dealraimh, tá an aeráid ann cosúil leis an Tasmáin! **4)** Acaill amach ó chósta Mhaigh Eo. **5)** Inis Mór, an t-oileán Árann is mó. **6)** Carraig Aonair. Téann an rás ó chósta theas Shasana go hÉirinn, timpeall ar an gCarraig Aonair, ansin críochnaíonn sé i Cherbourg na Fraince. **7)** Deirtear go bhfuil 365 oileán ann, oileán ar gach lá sa bhliain. Ainmníodh 141 oileán sa chuan go dtí seo. Guairí agus droimníní iad don gcuid is mó. Oighearshruth a chruthaigh na droimníní le linn na hOighearaoise a bhí ann 120,000 míle bliain ó shin.